

# An bhruitíneach dhearg agus toircheas

## An méid is gá duit a bheith ar an eolas faoi

PROTECT PREVENT IMMUNISE

## Cad is Bruitíneach Dhearg (Rubella) ann?

Galar ionfhabhtaíoch é an Bhruitíneach Dhearg a thagann ó víreas.

## Conas a scaiptear an galar?

Scaiptear an bhruitíneach dhearg trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtuithe, de bharr casachtaí agus sraothanna. Tá sé thar a bheith tógálach nuair atá an duine ag fulaingt leis an ngríos ach d'fhéadfadh sé scaipeadh suas le seacht lá sula dtagann an gríos.

## Cé chomh tromchúiseach is atá an bhruitíneach dhearg?

Tagann gríos, fiabhras agus borrfhaireoga pianmhara leis an bhruitíneach dhearg. Tinneas séimh go maith a mbíonn ann i bpáistí. Bíonn chorr dhuine ann a scaipeann an bhruitíneach dhearg, fiú gan aon siomptóim orthu féin.

Má tholgann bean an bhruitíneach dhearg sa luath-thoirchis:

- d'fhéadfadh breith anabaí nó marbh-bhreith a bheith mar thoradh air.
- d'fhéadfadh lochtanna breithe tromchúiseacha a bheith ar 9 as gach 10 páiste, san áireamh, bodhaire, daille, damáiste don inchinn nó damáiste don chroí. Siondróm rubella ó bhroinn (CRS) a thugtar ar seo.
- Má tá tú 4 mhí torrach nó os a chionn, ní dócha go rachaidh an bhruitíneach dhearg i bhfeidhm ar do naíonán.

## An féidir siondróm rubella ó bhroinn a sheachaint?

Is í an vacsaín an t-aon bhealach chun siondróm rubella ó bhroinn a sheachaint. Níl an vacsaín i gcoinne na bruitíní dearga ar fáil ach amháin mar chuid den vacsaín MMR (Bruitíneach/Leicneach/An Bruitíneach Dhearg) le chéile. Is féidir vacsaín an MMR a thabhairt ag aois ar bith.

## Tá sé ar intinn agam éirí torrach. Cad a ba chóir dom a dhéanamh?

Ba cheart duit do thaifid imdhíonta a sheiceáil le fáil amach an bhfuair tú dáileog den vacsaín bruitíní deirge nó MMR riamh.

Má tá fianaise ann go bhfuair tú dáileog amháin de na vacsaíní sin ar a laghad, breathnaítear air sin mar fhianaise cosanta.

Mura bhfuair tú dáileog vacsaíne ina raibh an bhruitíneach dhearg nó mura bhfuil tú cinnte, ba cheart duit iarraidh ar do dhochtúir d'imdhíonacht i leith na bruitíní deirge a thástáil.

## Cad ba cheart dom a dhéanamh mura bhfuair mé vacsaín ina bhfuil an bhruitíneach dhearg nó má tá toradh diúltach ar mo thástáil i leith na bruitíní deirge?

Ba cheart duit dáileog den vacsaín MMR a fháil sula n-éireoidh tú torrach. Níor cheart duit éirí torrach go ceann míosa tar éis an vacsaín a fháil, ar a laghad.

## An féidir liom an vacsaín MMR a fháil agus mé torrach?

Ní mholtar duit an vacsaín MMR a fháil le linn toirchis.

## Cad a dhéanfaidh mé má tá gríos ar dhuine ar a bhfuil aithne agam?

Ba cheart do mhná nach bhfuil imdhíonacht acu ar an mbruitíneach dhearg iarracht a dhéanamh gan dul i dteagmháil go dlúth le haon duine a bhfuil gríos orthu le linn toirchis.

Má bhí tú i dteagmháil le duine éigin a raibh gríos air nó uirthi nó má thagann gríos ort féin, ba cheart duit comhairle do dhochtúra nó do chnáimhsí a iarraidh chomh luath agus is féidir.

## Rugadh leanbh dom le déanaí agus bhí toradh diúltach ar mo thástáil ar an mbruitíneach dhearg, cad ba cheart dom a dhéanamh?

Ba cheart duit do thaifid imdhíonta a sheiceáil le fáil amach an bhfuair tú dáileog den vacsaín bruitíní deirge nó MMR riamh.

Má tá fianaise ann go bhfuair tú dáileog amháin de na vacsaíní sin ar a laghad, breathnaítear air sin mar fhianaise cosanta. Mura bhfuair tú dáileog vacsaíne ina raibh bruitíneach dhearg nó mura bhfuil tú cinnte go bhfuair tú ceann, tá dáileog amháin den vacsaín MMR ag teastáil uait. Tá dhá dháileog de dhíth chun cosaint a chur ar fáil ar an mbruitíneach agus leicneach.

## Cad leis a mbeidh mé ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?

I ndiaidh an vacsaín MMR a fháil, b’fhéidir go mbeidh pian, deargadh nó at san áit ar tugadh an t-instealladh. Go fíorannamh, d’fhéadfadh go mbeadh d’ailt ag at, go mbeadh pian i d’ailt, nó go mbeadh do chuid faireog ata 2-3 seachtaine i ndiaidh vacsaínithe.

## Ar chóir dom aon réamhchúramaí a ghlacadh i ndiaidh an vacsaínithe?

Níor chóir duit éirí torrach go ceann míosa tar éis an vacsaín a fháil mar go bhfuil víris beo lagaithe san MMR.

## An bhfuil daoine ann nár chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil?

Tá roinnt daoine ann nár chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil.

Níor chóir duit an vacsaín MMR a fháil:

- má tá tú ag iompar clainne.
- má bhí frithghníomh dona ailléirgeach agat (anaifiolacsas) in aghaidh vacsaín MMR cheana nó in aghaidh aon chomhábhar atá inti, mar shampla, neomícin nó geilitín.

- má tá aon ghalar ort nó cóir leighis á fháil agat a chuireann isteach ar do chóras imdhíonachta.
- má fuair tú fuilaistriúchán le déanaí.

Ba chóir duit an vacsaíniú a chur ar athló má tá tú:

- tinn le fiabhras atá níos airde ná 38°C.

Má tá aon imní ort faoi seo, labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó le altra san ospidéal mháithreachais.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.immunisation.ie.**

Foilsithe ag: **Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS**
Dáta foilsithe: *Feabhra 2020*